Commission for the Support of Victims of Crime

An Coimisiún
um Thacaíocht
d'Íospartaigh na Coireachta

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2009



CLÁR

	Achoimre Fheidhmeach	2
1	An Coimisiún: Ballraíocht agus príomhfheidhmeanna	4
2	Forléargas ar mhaoiniú ón gCoimisiún i 2009	4
3	Cinntí maoinithe 2010	7
4	An Fóram Comhairleach	8
5	Mí-úsáid ghnéasach páistí ag Cléirigh agus Reiligiúnaigh	8
6	Taighde	9
7	Láithreán Gréasáin	9
8	Oiliúint	10
9	Athbhreithniú ar an gCairt Íospartach	10
10	Tacaíocht Íospartach san Eoraip	11
11	Gníomhaíochtaí eile an Choimisiúin i 2009	11
	Aguisín A: Iarratais ar mhaoiniú ar éirigh leo i 2009	13
	Aguisin B: Cairteanna a léiríonn dáileadh an mhaoinithe	14
	Aguisín C: Cairt a léiríonn an maoiniú a íocadh le heagraíochtai ó 2005 to 2009	15
	Aguisín D: Cairt a léirionn líon na n-íospartach ar tugadh cabhair dóibh agus cairt a léiríonn líon na n-oibrithe deonacha	16
	Aguisín E: 2010 Fógra	17
	Aguisín F: Preasráiteas ar mhí-úsáid ghnéasach páistí ag cléirigh agus reiligiúnaigh	18

AN COIMISIÚN UM THACAÍOCHT D'ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA

TUARASCÁIL DON AIRE DLÍ AGUS CIRT, COMHIONANNAIS AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ

2009

Achoimre Fheidhmeach

- Dháil an Coimisiún €1,254,279 ar 42 eagraíocht san earnáil dheonach a chuireann seirbhísí duine le duine ar fáil d'íospartaigh na coireachta i 2009. Is ardú beagnach 19% é seo ar mhaoiniú 2008 d'eagraíochtaí san earnáil dheonach. Tugadh cúnamh d'iomlán 9,640 íospartach leis an maoiniu seo – ardú 26% ar 2008. (Alt 2.9)

- Rinneadh cinntí maoinithe maidir leis na hiarratais a fuarthas do 2010 ó eagraíochtaí deonacha a thacaíonn le híospartaigh choireachta i mí na Nollag, 2009. Tugadh fógra faoi na cinntí seo do na heagraíochtaí seo láithreach le cur ar a gcumas a seirbhísí don bhliain féilire iomlán 2010 a phleanáil. (Alt 2.2)

- Thionóil an Fóram Comhairleach, a bunaíodh le dearcadh íospartach a chur san áireamh tríothu siúd a oibríonn agus a dhéanann obair dheonach sna heagraíochtaí, a chruinniú tionscnaimh i mí Eanáir. Bhreathnaigh an cruinniú ar théarmaí tagartha agus ar mhodhanna oibre an Fhóraim, mar aon le topaicí a d'fhéadfadh a bheith ann do chruinnithe amach anseo. Phléigh sé freisin moltaí reachtúla an Aire maidir le híospartaigh choireachta sa Bhille um Nós Imeachta Coiriúil, 2009. (Alt 4)

- Sheol an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí láithreán gréasáin an Choimisiúin (www.csvc.ie) ag an dara cruinniú den Fhóram Comhairleach i Meán Fómhair. Áirítear ar láithreán gréasáin an Choimisiúin liosta de na heagraíochtaí deonacha maoinithe, de réir chontae agus chatagóir an íospartaigh ar tugadh cúnamh dó, chun íospartaigh atá ar lorg eolais nó tacaíochta a éascú.

- Ag an dara cruinniú den Fhóram rinneadh tuilleadh plé ar an mBille um Nós Imeachta Coiriúil, 2009, ar chomhairliúchán agus ar thacaíocht mhothúchánach d'íospartaigh agus ar an gcaoi le cumhacht a thabhairt d'íospartaigh. (altanna 4.4 agus 7)

- Tugadh taighde allamuigh a rinneadh thar ceann an Choimisiúin, chun fiosrú a dhéanamh faoi thaithí íospartaigh na coireachta a raibh teagmháil acu le

heagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh, chun críche agus cuireadh tús le dréachtadh tuarascála i 2009. (Alt 6)

- D'eagraigh an Coimisiún ceithre lá oiliúna do na heagraíochtaí san earnáil dheonach a dtugann sé maoiniú dóibh. Bhain an chéad lá le scileanna tionlacan cúirte i suíomh cúirte coiriúla. Dhéileáil an dara lá le scileanna tionlacan cúirte dóibh siúd a bhí ag tacú le híospartaigh fhoréigin teaghlaigh. Is ceardlann ar thacú le hoirbrithe deonacha agus le baill foirne agus ar mhaoirseacht a dhéanamh orthu a bhí sa tríú lá agus chlúdaigh an ceathrú la aimsiú, earcú agus comhtháthú oibrithe deonacha sna heagraíochtaí. (Alt 8)

- Agus iad i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil agus le daoine leasmhara eile, lean an Coimisiún air leis an obair athbhreithnithe ar an *gCairt Íospartach agus Treoir don Chóras Ceartais Choiriúil,* d'fhonn cáipéis leasaithe agus suas chun dáta a ullmhú. (Alt 9)

- Lean an Coimisiún air ag dul i dteagmháil leis na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil agus leis na heagraíochtaí san earnáil dheonach a mhaoiníonn sé, chun comhordú agus comhoibriú a chothú idir na comhlachtaí seo agus chun feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad d'íospartaigh na coireachta. (Alt 11.3)

- Thionól an Coimisiún deich gcruinniú fhoirmiúla i seisiún iomlánach, chomh maith le trí chruinniú a raibh dhá fho-ghrúpa i gceist iontu, i 2009. Bhí ionadaíocht aige freisin ag cruinnithe de raon eagraíochtaí gaolmhara. (Alt 11.1)

1. AN COIMISIÚN: BALLRAÍOCHT AGUS PRÍOMHFHEIDHMEANNA

1.1 Is iad seo leanas comhaltaí an Choimisiúin um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta:

An tUasal Ray McAndrew, Cathaoirleach (iar-Choimisinéir Cúnta, An Garda Síochána)
An tUasal P.J. Fitzpatrick (iar-Phríomhfheidhmeannach na Seirbhíse Cúirteanna)
An tUasal Seán Lowry (iar-cheannaire na Seirbhíse Promhaidh)
Nora Owen Uasal (iar-Aire Dlí agus Cirt)
An tUasal Michael Whelan (Gemini Consulting)
An tUasal Greg Heylin, *ex officio* Stiúrthóir, Oifig Íospartaigh na Coireachta)

Deleted: (

1.2 Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Choimisiúin:

- Cuidiú, in éineacht le hOifig Íospartaigh na Coireachta, le forbairt straitéisí agus beartas chun tacú le híospartaigh na coireachta, d'fhonn feabhas a chur ar chomhtháthú agus ar chomhsheasmhacht seirbhísí agus eolais atá ar fáil d'íospartaigh na coireachta.
- Cúnamh airgeadais a chur ar fáil d'eagraíochtaí ón earnáil dheonach a thacaíonn le híospartaigh na coireachta
- Dearcadh íospartaigh na coireachta a chur san áireamh i gceapadh straitéisí agus beartas, trí Fhóram Comhchomhairleach Íospartaigh na Coireachta
- Nascanna le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí den chóras ceartais choiriúil a fhorbairt, ar mhaithe le leas íospartach
- Comhoibriú le Cosc, (An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Teaghlaigh Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc) agus leis an Aonad Frithgháinneála ar Dhaoine sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- Coinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí idirnáisiúnta a bhaineann le híospartaigh na coireachta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCairt Íospartach.

1.3 Cuireann Oifig Íospartaigh na Coireachta rúnaíocht lánaimseartha ar fáil don Choimisiún. Tá úsáid seirbhísí comhordaitheora ag an gCoimisiún freisin a thugann cuairt ar na heagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún, a dhéanann monatóireacht ar na seirbhísí atá ar fáil uathu agus a chuidíonn le réiteach áitiúil fadhbanna.

2. FORLÉARGAS AR MHAOINIÚ AN CHOIMISIÚIN I 2009

2.1 Cuireadh buiséad iomlán €1,283,000 ar fáil don Choimisiún i 2009.

2.2 Cuireadh fógra poiblí sna nuachtáin náisiúnta ar an 17 Deireadh Fómhair, 2008 ag lorg iarratais ar mhaoiniú do 2009. Tháinig formhór an 46 iarratas a fuarathas ó eagraíochtaí a chuir isteach ar mhaoiniú agus a fuair maoiniú ón gCoimisiún i mblianta roimhe sin.

2.3 Tá an Coimisiún neamhspleách go hiomlán ina chinnteoireacht agus scrúdaíonn gach iarratas ar a fhiúntas féin. Tugadh scéala faoi chinneadh an Choimisiúin go raibh siad le maoiniú a fháil don 42 eagraíocht rathúil faoi dheireadh mhí na Nollag 2008. Rinneadh é seo le leanúnachas seirbhísí d'íospartaigh a éascú agus le cur ar chumas eagraíochtaí a seirbhísí don bhliain féilire iomlán 2009 a phleanáil. Rinneadh formhór na n-íocaíochtaí tosaigh sa chéad cheathrú de 2009, a luaithe agus a chuir eagraíochtaí na tuarascálacha riachtanacha ar mhaoiniú 2008 agus próifílí caiteachais do 2009 isteach.

2.4 Dheonaigh an Coimisiún maoiniú do na hocht n-eagraíocht seo a leanas a chuireann **seirbhísí ar fáil d'íospartaigh choireachta go ginearálta**:

- *Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta [**1850 211 407***]
  Tugann an Coimisiún tacaíocht do Líne Chabhrach náisiúnta Íospartaigh na Coireachta agus cuireann chun cinn í mar lárphointe teagmhála do gach íospartach coireachta. Tugann an Líne Chabhrach an deis do dhaoine ar íospartaigh na coireachta iad, tacaíocht mhothúchánach a fháil ar an bhfón. Soláthraíonn sí eolas freisin ar an gcóras ceartais choiriúil agus ar sheirbhísí atá ar fáil go háitiúil ag íospartaigh choireachta.

- *An tSeirbhís Tacaíochta Cúirte* a chuireann tionlacan cúirte ar fáil d'fhinnéithe ionchúisimh, a dteaghlaigh agus a gcairde sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath.

An Chónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh a thairgíonn tacaíocht phraiticiúil agus mhothúchánach d'íospartaigh na coireachta, tríd a líonra brainse.

- *An tSeirbhís Éireannach um Chúnamh do Thurasóirí* a sholáthraíonn seirbhís tacaíochta do thurasóirí ar íospartaigh choireachta iad.

- *MISS (Seirbhís Tacaíochta do Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn)* a sholáthraíonn eolas agus tacaíocht do theaghlaigh agus do chairde daoine atá ar iarraidh trí líne chabhrach.

- *Tacaíocht tar éis Coireachta* a chuireann tacaíocht mhothúchánach agus eolas praiticiúil ar fáil d'aon duine a ndeachaigh an choireacht i bhfeidhm orthu.

- *Tacaíocht tar éis Dúnbhásaithe* a chuireann tacaíocht mhothúchánach agus phraiticiúil ar fáil dóibh siúd ar lucht méala iad de bharr dúnbhásaithe.

- *AdVIC* a mholann athruithe a chuirfidh athchothromú an chórais cheartais choiriúil i gcrích agus a thabharfaidh aitheantas breise do stádas teaghlaigh na n-íospartach dúnbhásaithe laistigh den chóras. Cuireann sé rochtain ar fáil freisin do chomhairleoireacht fóirdheontais do theaghlaigh íospartach dúnbhásaithe.

Dáileadh maoiniú €427,279 iomlán ar na heagraíochtaí seo agus ba ionann é agus 34% de dháileadh iomlán an Choimisiúin. Thug na seirbhísí seo tacaíocht do 5,949 íospartach, ar ghlaoigh 2,412 díobh ar an Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta.

2.5 Seirbhísí d'íospartaigh an **fhoréigin teaghlaigh**
D'fhaomhaigh an Coimisiún 24 iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, go príomha do sholáthar seirbhíse tionlacan cúirte. Rinne sé €459,500 a dháileadh ar an earnáil seo, ar 37% den mhaoiniú iomlán é a dháil an Coimisiún. Tugadh cúnamh do 2,231 íospartach an fhoréigin teaghlaigh.

2.6 Seirbhísí d'íospartaigh an **fhoréigin ghnéasaigh agus na gáinneála ar dhaoine**
Ghlac an Coimisiún le ceithre iarratas ar mhaoiniú ó eagraíochtaí a chuireann na seirbhísí seo ar fáil. Tugadh maoiniú don Líonra Éigeandála um Éigniú, *One in Four* agus do Lárionad Foréigin Ghnéasaigh Chorcaí le haghaidh oiliúint foirne agus oibrithe deonacha agus seirbhísí tionlacan d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh. Fuair *Ruhama* maoiniú i leith soláthair seirbhísí áirithe do mhná a ndearnadh gáinneáil go hÉirinn orthu d'fhonn dúshaothraithe i dtionscal tráchtála an ghnéis. Rinne an Coimisiún €230,000 a dháileadh ar an earnáil seo ar 18% é d'iomlán an mhaoinithe a dháil an Coimisiún. Tugadh cúnamh do 944 íospartach an fhoréigin ghnéasaigh.

2.7 Tar éis foilsiú Thuarascáil Uí Riain ar 20 Bealtaire, 2009, agus Tuarascáil Uí Mhurchú ar 26 Samhain 2009, tháinig fás ollmhór ar líon na ndaoine a bhi ag lorg seirbhísí comhairleoireachta nó síciteiripe ó *One in Four.* Dáileadh suim bhreise €45,000 ar *One in Four* do bhearta láithreacha chun déileáil leis an mborradh mór. (Tá an €45,000 seo san áireamh san iomlán de €230,000)

2.8 Seirbhísí do **pháistí ar íospartaigh choireachta iad**
Thug an Coimisiún maoiniú do CARI agus Barnardos i 2009. Fuair CARI, a thugann tacaíocht do leanaí ar íospartaigh mí-úsáide gnéasaí iad, agus dá dtuismitheoirí nach ndéanann mí-úsáid, maoiniú i leith forbairt a sheirbhísí tacaíochta tionlacan cúirte do pháisti a mbíonn orthu freastal ar an gcúirt mar fhinnéithe. Soláthraíonn Barnardos comhairleoireacht do leanaí ar lucht méala iad de bharr dúnbhásaithe. Is ionann an maoiniú €91,000 don earnáil seo, agus

7% de dháileadh iomlán an Choimisiúin. Thacaigh na heagraíochtaí seo le 35 páiste arbh íospartaigh iad.

2.9 Seiribhísí Comhairleoireachta

Rinne an Coimisiún €46,500 a dháileadh ar cheithre eagraíocht a chuir seirbhísí comhairleoireachta ar fáil do 481 íospartach na coireachta i 2009. 4% de bhuiséad foriomlán an Choimisiúin a bhí anseo.

2.10 Go hachomair, chuidigh 42 eagraíocht a fuair iomlán €1,254,279 le 9,645 íospartach in iomlán. Tá liosta na n-eagraíochtaí ar dháil an Coimisiún maoiniú orthu i 2009 le fáil in Aguisín A. Léiríonn Aguisín D líon na n-íospartach ar tugadh cúnamh dóibh i ngach catagóir. Ó thráth a thionscanta i 2005 go deireadh 2009, tá an Coimisiún tar éis €4.8 milliún a dháileadh ar eagraíochtaí san earnáil dheonach a thacaíonn le híospartaigh na coireachta.

2.11 Bhí teagmháil ag formhór na n-eagraíochtaí maoinithe san earnáil dheonach leis an nGarda Síochána agus leis an tSeirbhís Chúirteanna agus a seirbhísí á seachadadh acu i 2009. Bhí teagmháil ag cuid de na heagraíochtaí maoinithe le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil agus leis an tSeirbhís Phromhaidh. Ar na comhlachtaí eile a ndeachaidh na heagraíochtaí i dteagmháil leo bhí COSC, (An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc), an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) agus an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh. Bhí roinnt comhoibrithe freisin idir na heagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún. Oibríonn cuid mhaith de na heagraíochtaí le grúpaí pobail áitiúla agus a seirbhísí á seachadadh acu. Cuireann tógáil líonra tacaíochtaí agus nascanna ar chumas grúpaí a bheith níos feiceálaí i measc a bpobal agus aithne níos fearr a bheith orthu sa chaoi gur féidir le híospartaigh a gcuid seirbhísí a rochtain.

2.12 Oibríonn 400 oibrí deonach san iomlán in eagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún, cé go mbraitheann earnálacha áirithe nios mó ar fhostaithe atá íoctha chun seirbhísí a chur ar fáil d'íospartaigh. Den 400 oibrí deonach, d'oibrigh 213 acu ag cuidiú le híospartaigh ghinearálta na coireachta, d'oibrigh 102 i réimse an fhoréigin ghnéasaigh, chuir 75 tacaíocht ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus d'oibrigh 10 i réimse na comhairleoireachta. (Tá cairt a léiríonn líon na n-oibrithe deonach in Aguisín D)

3 Cinntí Maoinithe do 2010

3.1 Chun a chinntiú go bhfaigheadh na comhlachtaí deonacha a mhaoiníonn an Coimisiún a n-íocaíochtaí chomh luath agus ab fhéidir i 2010, chuir an Coimisiún

fógra sna nuachtáin náisiúnta ar 14 Deireadh Fómhair, 2009 ag lorg iarratais ar mhaoiniú do 2010 (Aguisín E). Ba é 25 Samhain, 2009 an dáta deireanach chun iarratais a fháil. Fuair an Coimisiún 47 iarratas agus rinne cinntí i bprionsabal maidir leis na hiarratais seo ag a chruinniú i Nollaig, 2009 agus cuireadh na hiarratasóirí ar an eolas faoi na cinntí a rinneadh ina dhiaidh sin.

4. An Fóram Comhchomhairleach

4.1 D'ullmhaigh an Coimisiún an *Creatdoiciméad: Moltaí do Struchtúir agus do Sheirbhísí d'Íospartaigh na Coireachta sa Todhchaí* agus chuir i láthair an Aire é in Aibreán, 2008. Ghlac an tAire le moltaí an Choimisiúin ina n-iomláine. Ar cheann de na moltaí sa doiciméad bhí go mbeadh ar an gCoimisiún bualadh le heagraíochtaí san earnáil dheonach faoi dhó sa bhliain ar mhaithe le comhairliúchán agus le cruinniú faisnéise i **bhFóram Comhchomhairleach d'Íospartaigh na Coireachta.**

4.2 Bunaíodh an Fóram Comhchomhairleach, a fhreastalaíonn ionadaí amháin air ó gach eagraíocht dheonach a ndéanann an Coimisiún maoiniú uirthi, le dearcadh íospartach a chur san áireamh tríothu siúd atá ag obair agus ag obair go deonach sna grúpaí. Ceadaíonn an Fóram do na heagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún ionchur a bheith acu sa straitéis agus sna beartais a forbraíodh chun cuidiú agus tacú le híospartaigh na coireachta. Éascaíonn sé freisin malartú deachleachtais idir na heagraíochtaí maoinithe.

4.3 Thionól an Fóram Comhchomhairleach a chruinniú tionscnaimh in Eanáir agus bhí an dara cruinniú ann i Meán Fómhair, 2009. Bhreathnaigh an chéad chruinniú ar na téarmaí tagartha, topaicí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus modhanna oibre an Fhóraim. Phléigh sé moltaí reachtúla an Aire freisin maidir le híospartaigh na coireachta.

4.4 Sheol an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Dermot Ahern, T.D., láithreán gréasáin an Choimisiúin agus láithreán gréasáin Oifig Íospartaigh na Coireachta roimh an dara crunniú den Fhóram i Meán Fómhair. Áirítear ar láithreán gréasáin an Choimisiúin liosta de gach eagraíocht dheonach maoinithe, de réir chontae agus chatagóir an íospartaigh ar tugadh cúnamh dó, chun íospartaigh atá ag lorg eolais nó tacaíochta a éascú. Bhí a thuilleadh plé ag an bhFóram ar an mBille um Nós Imeachta Coiriúil, 2009. Bhí plé freisin ar chomhairliúchán agus ar thacaíocht mhothúchánach agus ar an gcaoi ar féidir cumhacht a thabhairt d'íospartaigh.

5. Mí-úsáid Ghnéasach Chléirigh agus Reiligiúnaigh

5.1 Foilsíodh Tuarascáil an Choimisiúin chun Fiosrú a dhéanamh faoi Mhí-úsáid Ghnéasach (Tuarascáil Uí Riain). D'aithin an Coimisiún um Thacaíocht

d'Íospartaigh na Coireachta go maith an crá agus an mearbhall intinne a d'fhulaing páistí a ndearna sagairt as Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath mí-úsáid orthu, agus íospartaigh mí-úsáide institiúidí. D'aithin sé freisin an fhulaingt leanúnach agus an suaitheadh i saolta na n-íospartach sin. Phléigh an Coimisiún an topaic seo roinnt uaireanta i 2009. D'eisigh sé ráiteas ar an 10 Samhain, roinnt laethanta tar éis foilsiú Thuarascáil Choimisiún Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath chun Fiosrú a dhéanamh ar Mhí-úsáid Páistí (Tuarascáil Uí Mhurchú). Tá cóip den phreas ráiteas sin ar fáil in Aguisín F.

6. Taighde

6.1 Choimisiúnaigh an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta taighde a thug foireann taighdeoirí ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chun críche i 2007. Thug an taighde seo breac-chuntas ar na foláracha dlíthiúla Éireannacha reatha maidir le híospartaigh. Thug sé ábhar le chéile ó roinnt dlínsí eile a bhí bainteach le híospartaigh. Ar deireadh, lorg an taighde seo tuairimí ó eagraíochtaí san earnáil dheonach a thacaigh le híospartaigh na coireachta maidir le moltaí ar son athraithe.

6.2 Ag éirí as an taighde seo, d'iarr an Coimisiún, tar éis próisis tairsceana, ar ghrúpa taighdeoirí ó Choláiste Ollscoile Chorcaí taighde a dhéanamh ar:

- riachtanais íospartaigh na coireachta agus a dteaghlaigh
- a mhéid a lorgaíonn íospartaigh na coireachta tacaíocht ó na seirbhísí atá ar fáil
- a mhéid a bhfreastalaíonn eagraíochtaí a chuireann tacaíocht ar fáil d'íospartaigh na coireachta agus gníomhaireachtaí ceartais choiriúil ar na riachtanais sin

6.3 Tugadh taighde allamuigh le híospartaigh, a chuaigh i dteagmháil le heagraíochtaí tacaíochta ón earnáil dheonach a bhí maoinithe ag an gCoimisiún, chun críche i 2009. D'ardaigh an obair seo roinnt saincheisteanna eiticiúla agus loighisticiúla. Cuireadh tús leis an obair ar an gcuntas scríofa den taighde seo i 2009 agus bhí sé beagnach críochnaithe faoi dheireadh na bliana.

7. Láithreán Gréasáin

7.1 Sheol an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Dermot Ahern, T.D., láithreán gréasáin an Choimisiúin (www.csvc.ie) i Meán Fómhair, 2009. Tugann an láithreán gréasáin rochtain in aon áit amháin ar na heagraíochtaí éagsúla atá maoinithe ag an gCoimisiún, chun íospartaigh agus daoine eile a bhfuil suim acu sa réimse a éascú. Cuireann an láithreán gréasáin freisin cuid mhór eolais ar fáil faoi obair an Choimisiúin. Tá grafaic

shimplí ar gach leathanach den láithreán gréasáin a thugann uimhir theileafóin do Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta, líne chabhrach teileafóin d'iospartaigh na coireachta. Tá nasc feiceálach ar gach leathanach de láithreán gréasáin an Choimisiúin freisin do láithreán gréasáin Oifig nua Íospartaigh na Coireachta (www.victimsofcrimeoffice.ie). Déanann an láithreán gréasáin sin amhlaidh le nasc ar gach ceann dá leathanaigh le láithreán gréasáin an Choimisiúin. Is sampla sonrach é den dlúthchaidreamh oibre idir an dá chomhlacht ar leith.

8. Oiliúint

8.1 Mar fhreagra ar iarratais ar oiliúint ag an bhFóram Comhchomhairleach, d'eagraigh an Coimisiún ceithre lá oiliúna do na heagraíochtaí a dtugann sé maoiniú dóibh i 2009. Dhírigh an chéad lá ar scileanna tionlacan cúirte i suíomh cúirte coiriúla. Bhí an Coimisiún sásta go raibh siad in ann úsáid a bhaint as na seomraí cúirte den Chúirt Chuarda agus den Ard-Chúirt i gcathair Chorcaí, le linn na saoire dlíthiúla. Chlúdaigh an dara lá oiliúna scileanna tionlacan cúirte dóibh siúd a thacaíonn le híospartaigh an fhoréigin teaghlaigh. Bhí ceardlann ann ar an tríú lá oiliúna ar thacaíocht a thabhairt d'oibrithe deonacha agus do bhaill foirne agus maoirseacht a dhéanamh orthu. Dhéileáil an ceathrú lá le hoibrithe deonacha a aimsiú, a earcú agus a chomhtháthú san eagraíocht. Tá an Coimisiún buíoch don tSeirbhís Phromhaidh as ucht úsáid a seomraí oiliúna ag a hoifigí i mBaile Átha Cliath, don trí lá oiliúna deireanacha.

8.2 Bhraith iad siúd a d'fhreastail ar na laethanta oiliúna go raibh siad an-úsáideach agus faisnéiseach. Thug na laethanta oiliúna deiseanna breise freisin dóibh siúd a oibríonn chun cuidiú agus tacú le híospartaigh castáil lena chéile agus dea-chleachtais agus taithí a roinnt.

9. Athbhreithniú ar an gCairt Íospartach

9.1 I gcomhairle leis na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil agus daoine leasmhara eile, lean an Coimisiún lena chuid oibre ag déanamh athbhreithnithe ar *Chairt d'Íospartaigh agus Treoir don Chóras Ceartais Choiriúil*. Rinneadh uasghrádú agus leathnú suntasach ar an gCairt go deireanach i 1999. Tá an Coimisiún tiomanta don Chairt a dhéanamh níos inrochtana fós. Chuige seo tá sé tar éis iarracht mhór a dhéanamh tabhairt ar gach eagraíocht a caibidil a chur in iúl i mBéarla soiléir. Cruthóidh an obair bhreise a bhain leis go mb'fhiú é chun Cairt a mbeadh sé níos éasca í a thuiscint, d'íospartaigh agus do lucht gairmiúil araon, a chur ar fáil.

10. Tacaíocht Íospartach san Eoraip

10.1 Bronnadh seach-chomhaltas i Victim Support Europe ar an gCoimisiún agus bhí ionadaí dá chuid i láthair ag an gcomhdháil bhliantúil i 2009. Is líonra é de 26 eagraíocht neamhrialtasach a thacaíonn le híospartaigh na coireachta i 21 tír Eorpach, a chuireann cúnamh agus eolas ar fáil d'íospartaigh choireachta. Cuireann Victim Support Europe bunú agus forbairt chearta íospartach agus seirbhísi d'íospartaigh chun cinn ar fud na hEorpa. Ag cur nádúr scaipthe na hearnála deonaí in Éirinn san áireamh agus iad ag cuidiú agus ag tacú le híospartaigh, tá sé tábhachtach go mbeadh eagraíocht lárnach amháin le ról maoirseachta sa réimse seo, mar an Coimisiún, ina seach-chomhalta de Victim Support Europe.

11. GNIOMHAÍOCHTAÍ EILE AN CHOIMISIÚIN I 2009

11.1 Bhuail an Coimisiún le chéile deich n-uaire i seisiúin iomlánaíocha foirmiúla i 2009. Bhuail comhaltaí an Choimisiúin freisin trí huaire ina bhfo-ghrúpaí i rith na bliana.

11.2 Bhuail an Coimisiún le roinnt de na heagraíochtaí deonacha a thacaíonn le híospartaigh na coireachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar leith in a gcuid oibre d'íospartaigh.

11.3 Bhuail an Coimisiún freisin le líon de na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil i rith na bliana, lena n-áirítear foireann bainistíochta sinsearaí na Seirbhíse Cúirteanna agus a príomfheidhmeannacha nua, Stiúrthóir na Seirbhíse Promhaidh, an tSeirbhís Phríosúin in Éirinn, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil agus Foireann Feidhmithe na Seirbhíse Cróinéara. De bharr a suime agus a n-ionchuir i mbainistiú svuíteanna na n-íospartach, tugadh camchuairt an Choimpléasc Cúirteanna nua do chomhaltaí an Choimisiúin i 2009.

11.4 Thug an Coimisiún cuairt ar Thuaisceart Éireann i Meitheamh, 2009. Le linn na cuairte bhuaileadar le foireann na Seirbhíse Promhaidh, na Seirbhíse Cúirteanna agus Tacaíocht d'Íospartaigh Thuaisceart Éireann. Tugadh camhchúirt de Theach Cúirte Laganside do ionadaithe an Choimisiúin agus chonaic siad na háiseanna atá ar fáil d'finnéithe leochailleacha agus imeaglaithe agus d'íospartaigh na coireachta.

11.5 Labhair an tUasal Ray McAndrew, Cathaoirleach an Choimisiúin, ag comhdháil a tionóladh faoi choimirce Choimisiún na hÉireann um Cheartas agus Ghnóthaí Sóisialta in Institiúid Mater Dei, Baile Átha Cliath i Meán Fómhair, 2009. Tionóladh an chomhdháil ag éirí as doiciméad dar teidil *Violence in Irish Society: Towards an Ecology of Peace* a chuir Coimisiún na hÉireann um Cheartas agus Ghnóthai Sóisialta ar fáil. Ba í aidhm na comhdhála bogadh ar

aghaidh ón gcreat agus ón anailís sa doiciméad i dtreo gníomh a chuideodh chun sochaí ina mbeadh i bhfad níos lú foréigin á chur á dhéanamh.

11.6 D'fhreastail an Cathaoirleach, An tUasal McAndrew, Stiúrthóir Oifig Íospartaigh na Coireachta, an tUasal Greg Heylin, agus Rúnaí an Choimisiúin, Anne O'Shea Uasal, ar chomhdháil a d'eagraigh an Chónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh san Óstán Green Isle i bhFeabhra, 2009.

11.7 D'fhreastail an tUasal McAndrew agus an tUasal Greg Heylin ar chomhdháil bhliantúil Victim Support Europe, a tionóladh i Liospóin i 2009.

11.8 D'fhreastail Nora Owen Uasal, an tUasal Sean Lowry, an tUasal Michael Whelan agus an tUasal Greg Heylin ar sheoladh taighde de chuid Cosc dar teidil *Attitudes to Domestic Violence in Ireland,* a rinne an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Dermot Ahern, T.D., i mí Eanáir. Is i gCaisléan Bhaile Átha Cliath a tharla an seoladh i bhFeabhra.

11.9 Bhí an tUasal Greg Heylin i láthair thar ceann an Choimisiúin in Ambasáid na hIodáile, Baile Átha Cliath nuair a bhronn Ambasadóir na hIodáile, A Shoilse, Dr. Lucio Alberto Savoia, ar son Uachtarán Phoblacht na hIodáile, Giorgio Savoia, an onóir *Cavaliere dell'Ordine della Stella della Solidarieta Italiana* (Ridire Ord Réalta Dlúthpháirtíochta na hIodáile) ar an Uasal Bernard Lavelle ón tSeirbhís Éireannach um Chúnamh d'Íosparaigh (ITAS). Bronnadh an onóir do sheirbhísí do thurasóirí Iodáileacha.

11.10 Labhair an tUasal Greg Heylin thar ceann an Choimisiúin ag seoladh láithreán gréasáin nua de chuid MISS in Aibreán

11.11 D'fhreastail an tUasal Michael Whelan, an tUasal Greg Heylin agus Anne O'Shea Uasal ar sheoladh thuarascáil bhliantúil Ruhama i gColáiste na Naomh Uile, Baile Átha Cliath i mí Lúnasa.

11.12 D'fhreastail Nora Owen Uasal agus Anne O'Shea Uasal ar ócáid a d'eagraigh ITAS chun a chomóradh 15 bliain a cheiliúradh. D'óstaigh an tArd-Mhéara an ócáid i dTeach an Ard-Mhéara. Bhí Guido Nasi, turasóir Iodáileach ar chuidigh an ITAS leis tar éis ionsaithe i 1999 a d'fhág ina cheathairphléigeach é, ina aoi oinigh ag an ócáid.

Aguisín A

IARRATASÓIRÍ RATHÚLA AR MHAOINIÚ I 2009

Eagraíocht	Suim	Catagóir
Adapt (Ciarraí)	27,000	Foréigean Teaghlaigh
Adapt (Luimneach)	45,000	Foréigean Teaghlaigh
AdVIC	21,000	Ginearálta
Amen	43,000	Foréigean Teaghlaigh
Ascend (Tiobraid Árann Thuaidh)	15,000	Foréigean Teaghlaigh
Barnados	27,000	Páistí
Ionad Comhairleoireachta Beacon of Light	18,000	Comhairleoireacht
CARI	64,000	Páistí
Women's Aid Cheatharlach	12,000	Foréigean Teaghlaigh
Seiribhísí Clare Haven	15,000	Foréigean Teaghlaigh
Cope na Gaillimhe	3,000	Foréigean Teaghlaigh
An tSeirbhís Tacaíochta	63,000	Ginearálta
Líne Chabhrach Íospartaigh na Coireachta	87,000	Ginearálta
Tearmann Chuan Saor do Mhná Teoranta	18,000	Foréigean Teaghlaigh
Foréigean Teaghlaigh (Seirbhís Thacaíochta)(Sligeach)	8,000	Foréigean Teaghlaigh
Domestic Violence Response (Gailimh)	12,000	Foréigean Teaghlaigh
Seirbhís Fhoréigin Teaghlaigh Dhún na nGall	14,500	Foréigean Teaghlaigh
Seirbhís Chomhairleoireachta Dhún Dealgan	17,500	Comhairleoireacht
Ionad Saoil Teaghlaigh (Foréigean in aghaidh na mBan)(Mainistir na Búille))	20,000	Foréigean Teaghlaigh
Cónaidhm um Chúnamh d'Íospartaigh	60,000	Ginearálta
Tearmann Inis Eoghain do Mhná	5,000	Foréigean Teaghlaigh
An tSeirbhís Éireannach um Chúnamh do Thurasóirí	55,000	Ginearálta
Tacaíocht Laoise in aghaidh foréigin teaghlaigh	20,000	Foréigean Teaghlaigh
Lárionad Leitir Ceanainn do Mhná	4,000	Comhairleoireacht
Lárionad Comhairleoireachta Living Life Voluntary (Cill Mhantáin)	7,000	Comhairleoireacht
Nasc Longfoirt do Mhná	25,000	Foréigean Teaghlaigh
Seirbhís Tacaiochta do Mhná Mhaigh Eo	17,000	Foréigean Teaghlaigh
Tearmann na Mí do Mhná	20,000	Foréigean Teaghlaigh
Seirbhísí Tacaíochta do Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn	5,141	Ginearálta
Mná Feasa	25,500	Foréigean Teaghlaigh
Mná i nGéarchéim, Uíbh Fhailí	9,000	Foréigean Teaghlaigh
One in Four	78,000	Foréigean Gnéasach
Líonra Open Door	10,000	Foréigean Teaghlaigh
Ruhama	62,000	Foréigean Gnéasach
An Líonra Éigeandála um Éigniú	60,000	Foréigean Gnéasach
Cumann Tithíochta Saoirse (Tamhlacht)	8,500	Foréigean Teaghlaigh
An Lárionad um Fhoréigean Gnéasach	30,000	Foréigean Gnéasach
Tacaíocht Tar éis Coireachta	96,138	Ginearálta
Tacaíocht Tar Éis Dúnbhásaithe	40,000	Ginearálta
Cumann Tithíochta Tearmann (Muineachán)	16,000	Foréigean Teaghlaigh
Women's Aid Bhaile Átha Cliath	56,000	Foréigean Teaghlaigh
Women's Aid Dhún Dealgan	15,000	Foréigean Teaghlaigh
Iomlán	**1,254,279**	

Cairteanna a Léiríonn Dáileadh an Mhaoinithe
Maoiniú 2009

Earnáil	An Méid a Maoiníodh	% den iomlán	Líon na dtionscadal
Foréigean Teaghlaigh	€459,500	37%	24
An Choireacht go Ginearálta	€427,279	34%	8
Foréigean Gnéasach	€230,000	18%	4
Páistí	€91,000	7%	2
Comhairliúchán	€46,500	4%	4
Iomlán	€1,254,279	100%	42



An Maoiniú a híocadh le hEagraíochtaí 2005 go 2009

2005	2006	2007	2008	2009
€685,750	€885,250	€946,125	€1,057,148	€1,254,279



Líon na n-íospartach ar tacaíodh leo i ngach earnáil



Lion na nOibrithe Deonacha i ngach earnáil



Aguisín E

Commission for the Support of Victims of Crime

FÓGRA POIBLÍ

An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta

Maoiniú 2010 do sholáthar Seirbhísí d'Íospartaigh na Coireachta

D'athbhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dli an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta i Meán Fómhair 2008 chun –

- maoiniú a dháileadh ar eagraíochtaí a chuireann taciaocht agus cúnamh ar fáil d'íospartaigh na coireachta
- cúnamh a thabhairt i bhforbairt straitéisí agus beartas chun tacú le híospartaigh na coireachta d'fhonn comhtháthú agus comhsheasmhacht seirbhísí agus eolais atá ar fáil d'íospartaigh na coireachta a fheabhsú.

Tá an Coimisiún ag lorg iarratais ar mhaoiniú do 2010 ó charthanais chláraithe, ó ghrúpaí deonacha/pobail agus ó chomhlachtaí eile a sholáthraíonn nó a bhfuil moltaí acu do sholáthar seirbhísí/cúnaimh d'íospartaigh. Ní mór d'iarratasóirí ar mhaoiniú a bheith ina charthanas cláraithe nó ina chuideachta theoranta. Chuirfí fáilte roimh chomhiarratais idir dhá ghrúpa nó níos mó
.

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ó **www.justice.ie** **nó** is féidir iad a fháil ó Anne O'Shea, Rúnaí an Choimisiúin ag an seoladh thíos.
Ní mór foirmeacha iarratais a sheoladh ar ais faoin Aoine, 27 Samhain , 2009

Mionsonraí teagmhála:
Anne O'Shea Uasal
An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta,
f/ch An Roinn Dlí agus Cirt,
Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,
Teach Pinebrook,
71 – 74 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01-6028681. r-phost: csvc@justice.ie

An Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta
Preasráiteas ar:

Tuarascáil Choimisiún Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Tuarascáil Uí Mhurchú)

Tuarascáil Choimisiún Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath

Aithníonn an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta an crá agus an mearbhall intinne a d'fhulaing páistí a ndearna sagairt de chuid na hArd-Deoise mí-úsáid orthu agus an fhulaingt agus an suaitheadh leanúnach i saolta na n-íospartach sin. Tá tionchar na coire seo inchomparáide leis an méid a d'fhulaing íospartaigh na gcoireanna is tromchúisí foréigin in aghaidh an duine. Cuireadh leis seo sa mhéid is go ndearnadh na coireanna sular tháinig siad in aois duine fásta agus sa chaoi ar dhéileáil údaráis na hEaglaise leis na gearáin. Is measa fós an mhí-úsáid sa mhéid is gur fir a raibh seasamh iontaobhais acu a rinne, fir a bhí tiomanta go poiblí do chaighdeáin Chríostaí arda, ach gur fheall siad ar iontaobhas agus ar chaighdeáin araon.

Fáiltíonn an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta roimh fhoilsiú Thuarascáil Choimisiún Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath chun Drochúsáid Pháistí a fhiosrú (Tuarascáil Uí Mhurchú). Tuigeann sé gur mhúscail an phoiblíocht a bhain leis an bhfoilseachán seo crá croí íospartaigh mhí-úsáid ar pháistí an athuair. Tá súil aige gur féidir leis an bhfoilseachán cuidiú le híospartaigh in a n-aistir fhada i dtreo na síochána agus na sláine. Aithníonn sé go bhféadfadh go gcaithfidh íospartaigh áirithe an chuid eile dá saolta ag lorg slánaithe.

Ba mhaith leis an gCoimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta aitheantas a thabhairt ach go háirithe do na híospartaigh líonmhara a tháinig chun cinn go misniúil agus a chuaigh i ngleic le Coimisiún Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath, Coimisiún Uí Riain, an Bord Sásamh agus na gníomhaireachtaí ceartais choiriúil d'fhonn na héagóirí tromchúiseacha a aibhsiú agus ceartas agus athruithe sochaíocha agus tacaíocht a bhaint amach. Áitíonn an Coimisiún ar íospartaigh eile nár lorg cúnamh go fóill b'fhéidir, teagmháil a dhéanamh le ceann de na heagraíochtaí tacaíochta a bhfuil a sonraí teagmhála ar fáil ag deireadh an phreasráitis seo, nó aon choir a rinneadh ina leith a chur ar shúile an Gharda Síochána.

Tugann an Coimisiún ar aird an méid a dúirt an tArdeaspag Diarmuid Martin, le deireanaí nuair a d'áitigh sé ar an eaglais athnuachan a dhéanamh uirthi féin. Dúirt sé go gcaithfeadh an athnuachan seo dul níos doimhne ná na struchtúir. Bheadh súil ag an gCoimisiún go n-áireofar ar athnuachan na heaglaise tacaíocht réamhghníomhach d'íospartaigh aitheanta, glacadh agus cloí iomlán le deachleachtais, agus nósanna imeachta, lena n-áirítear imscaradh saineolais tuata dheonaigh agus gníomh sciobtha cinntitheach áit a dtagann amhras mí-úsáide chun solais. Éilíonn an Coimisiún iarrachtaí tréana ó gach duine atá bainteach leis chun a chinntiú gur féidir leis an bplean forfheidhmithe a lean Tuarascáil Uí Riain tacú le saol níos fearr d'íospartaigh mí-úsáide institiúide, mí-úsáid bhreise a chosc, agus díriú ar ghníomh sciobtha áit a bhfuil amhras ar mhí-úsáid sa todhchaí.

Mí-úsáid páistí i dteaghlaigh agus i bpobail

Fáiltíonn an Coimisiún roimh an aird phoiblí inchosanta ar mhí-úsáid chléirigh agus institiúide. Áitíonn sé ar dhaoine a choimeád in intinn go dtarlaíonn formhór na gcásanna mí-úsáide a thagann chun solais laistigh de theaghlaigh. Teastaíonn fócas athnuaite chun freagairtí na hearnála deonaí agus an Stáit i leith mí-úsáide páistí laistigh den teaghlach a fheabhsú tuilleadh. Is gá dúinne, mar shochaí níos leithne, fanacht ar an airdeall sa chaoi gur féidir linn freagairt go cuí do chásanna amhrasta mí-úsáide gnéasaí ar bhealach tráthúil. Ba cheart go mbeadh béim an athuair, go háirithe, lena n-áirítear poiblíocht chuí, ar pháistí a chumasú chun tuairisc ar aon ghníomhaíocht neamhfhóirsteanach ar bith a thabhairt do dhuine fásta iontaofa.

Freagairtí aonair

Is ceart go bhfuil roinnt mhaith ceistiúcháin déanta faoi éifeachtacht ár gcóras reatha agus na gcóras a bhí ann roimhe. Caithfear leanúint leis seo agus sinn ag tabhairt aghaidh ar an tsochaí chun a chinntiú go bhfuil córais bhríomhara in áit. Is cosúil go bhfuil mí-úsáid páistí níos forleataí ná mar a raibh súil ag cuid mhór againn leis. Mar thoradh air seo d'fhéadfadh go bhfágfaí daoine den phobal le dearcadh níos déistiní ar an nádúr daonna, ar eagraíochtaí eaglaise agus ar an Stát. Tá an baol ann go mbeidh daoine den phobal treascartha ag nádúr agus ag méid na mí-úsáide atá á chur os comhair an phobail. Thabharfadh an Coimisiún spreagadh do dhaoine tuairisc a thabhairt faoi chásanna mí-úsáide a thagann chun solais sa

chaoi gur féidir iad a imscrúdú.

Ba mhaith leis an gCoimisiún aird a tharraingt ar raon leathan daoine aonair a bhfuil, nó a raibh, ar ár son go léir, teaghmháil acu le fadhb mhillteach mhí-úsáid páistí, agus go háirithe orthu sin a rinne iarracht difir a dhéanamh i saol íospartaigh mhí-úsáide, i gcibé slí a d'fhéadfaidis. Níor aimsigh gach duine de na daoine seo an tacaíocht ar chóir go bhfaighdis scun scan óna n-eagraíochtai féin, ach lean siad orthu ag cuidiú le híospartaigh nó ag lorg ceartais thar a gceann. De dhroim riachtanais is daoine anaithnide a bheidh i bhformhór na ndaoine seo i súile an phobail go ginearálta. Agus aitheantas á thabhairt do chúnamh dearfach daoine aonair agus eagraíochtaí, ghríosódh an Coimisiún feabhas leanúnach i gcónaí ar chleachtais agus ar nósanna imeachta maidir le brath agus cosc mí-úsáide gnéasaí.

Thar aon rud eile in ár bplé tá sé tábhachtach díriú isteach ar

- íospartaigh atá ann faoi láthair a chumasú,
- tuilleadh mí-úsáide gnéasaí a chosc chomh fada in Éirinn agus is féidir, agus
- córais bhríomhara agus chóra a bheith ann chun déileáil le hamhras faoi mhí-úsáid sa todhchaí.

Foinsí tacaíochta d'íospartaigh na mí-úsáide

Seirbhís Chomhairleoireachta Náisiúnta HSE – Deasc Cabhrach - 1 800 670 700

Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath - Líne Chabhrach Náisiúnta 24 Uair a Chloig - 1 800 77 88 88

Faoiseamh - 1 800 331 234 (UK agus NI) 00 8000 973 272

Connect - 1 800 477 477 (UK agus NI) 00 8000 477 477 77

Samárach - 1 850 60 90 90

One in Four - (01) 662 4070

Líonra Éigeandála na hÉireann um Éigniú: www.rcni.ie cliceáil ar "cabhair - eolas" agus ansin ar "faigh cúnamh" do mhapa d'ionaid éigeandála um éigniú ar fud na tíre, cliceáil ar an mapa do shonraí teagmhála.

www.csvc.ie cliceáil ar "sheirbhísí íospartaigh " agus ansin "seirbhísí foréigin ghnéasaigh".

www.cosc.ie cliceáil "seirbhísí tacaíochta ansin " seirbhísí foréigin ghnéasaigh".

Nóta d'Eagarthóirí

Bunaigh Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Áthchóirithe Dlí na linne an Coimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta mar chomhlacht neamhspleách i 2005 chun maoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí ón earnáil dheonach a thacaíonn le híospartaigh na coireachta. Ón dáta sin tá €5m leithroinnte ag an gCoimisiún ar bhreis agus caoga eagraíocht. Tá cúnamh deontais á chur ar fáil ag an gCoimisiún thar na blianta do One in Four agus do Líonra Éigeandála na hÉireann um Éigniú. Cuidíonn an Coimisiún freisin i bhforbairt straitéisí agus beartas chun tacú le híospartaigh na coireachta d'fhonn comhthathú, comhsheasmhacht seirbhíse agus eolais atá ar fáil d'íospartaigh na coireachta a fheabhsú. Is é www.csvc.ie an láithreán gréasáin.

Tacaíonn na heagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún um Thacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta le híospartaigh foréigin teaghlaigh, foréigin ghnéasaigh, íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, íospartaigh choireachta ar thurasóirí iad, íospartaigh ar pháistí iad, teaghlaigh íospartaigh dhúnbhásaithe chomh maith le híospartaigh na coireachta go ginearálta. Cuireann na heagraíochtaí atá maoinithe ag an gCoimisiún roinnt seirbhísí ar fáil d'íospartaigh na coireachta lena n-áirítear tionlacan cúirte, eolas, línte cabhracha, tacaíocht mhothúchánach agus comhairleoireacht.

Iarratais ó na Meáin

An tUasal Greg Heylin
Stiúrthóir, Oifig Íospartaigh na Coireachta
Teileafón: (01) 602 8450
Fón póca: 087 99 22 483

Dáta a eisithe: 10/11/09 CRÍOCH